2025/90717

17.9.2025

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2024/2749 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, toimhde chomhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa mhargadh inmheánach

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/2749, 8 Samhain 2024)

Ar leathanach 27, Airteagal 7, pointe (2), maidir le Airteagal 38d(5) de Threoir 2014/34/AE:

in ionad: ‘5. Gan dochar d’Airteagal 17, toimhdeofar go bhfuil táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin nó na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó le codanna díobh, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chumhdaítear leis na caighdeáin sin, leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh. Ón lá tar éis do mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh dul in éag nó a bheith díghníomhachtaithe, ní bheidh monaróirí ábalta brath a thuilleadh ar an toimhde chomhréireachta dá bhforáiltear leis na caighdeáin nó leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’,

léitear: ‘5. Gan dochar d’Airteagal 12, toimhdeofar go bhfuil táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin nó na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó le codanna díobh, i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chumhdaítear leis na caighdeáin sin, leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh. Ón lá tar éis do mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh dul in éag nó a bheith díghníomhachtaithe, ní bheidh monaróirí ábalta brath a thuilleadh ar an toimhde chomhréireachta dá bhforáiltear leis na caighdeáin nó leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’.